Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

12944/1/19
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0136(COD)**

CODEC 1466
EF 289
ECOFIN 863
SURE 49

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i dtaca leis na nósanna imeachta agus na húdaráis a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint (an chéad léamh)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 20 Meán Fómhair 2017, chuir an Coimisiún an togra modhnaithe[1] uaidh, atá bunaithe ar mhír 114 d'Airteagal CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 20 Meán Fómhair 2017[2].

3. Thug an Banc Ceannais Eorpach a thuairim uaidh ar an 4 Deireadh Fómhair 2017[3].

4. Ag a seisiún iomlánach ar an 9 agus an 10 Deireadh Fómhair 2019, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa ceartúchán ar a seasamh ar an gcéad léamh ón 18 Aibreán 2019 [4].

[1] 10363/1/17 REV 1.
[2] IO C 434, 15.12.2017, lch. 63.
[3] IO C 385, 15.11.2017, lch. 3.
[4] 8503/19.

5. Ag an gcruinniú a bhí aige an 9 Deireadh Fómhair 2019, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-aontaíonn sé leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa agus d'iarr sé ar an gComhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 88/19 + COR 1 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo agus an Lucsamburg ag staonadh ón vótáil agus an Ríocht Aontaithe ag vótáil ina choinne; agus

- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.